C/2025/634

29.1.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/634)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Pérail’

Uimh. AE: PGI-FR-03053 – 5.1.2024

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Pérail’

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Fhrainc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.3. Cáiseanna

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

— 04 - TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0406 – cáis agus gruth

3.2. *Tuairisc ar an táirge dá dtagraíonn an t-ainm in (1)*

Is cáis í ‘Pérail’ a dhéantar as bainne iomlán ó chaoirigh Lacaune, agus uaidh sin amháin.

Is cáis bhog í ar chruth cruinn, cothrom. Díoltar ina iomláine í in dhá mhéid:

— beag, idir 78 mm agus 88 mm ar trastomhas, idir 15 mm agus 22 mm ar airde agus meáchan 90 g ar a laghad,

— mór, idir 90 mm agus 110 mm ar trastomhas, idir 15 mm agus 22 mm ar airde agus meáchan 130 g ar a laghad.

Is é 40 % ar a laghad an cion ábhair thirim atá inti agus is é 50 % ar a laghad an cion saille atá inti in ábhar tirim.

Ní féidir an cháis a dhíol go dtí 7 lá tar éis dháta na binide.

Tá craiceann tanaí, bog, a leánn ag ‘Pérail’, gan craiceann cáise, a bhfuil dath idir eabhar agus buídhonn éadrom uirthi agus blás beag mar shaintréith aici mar gheall ar fhorbairt an fhlóra aibithe, go háirithe *Geotrichum*.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401143).

Tá dath idir bán agus eabhar agus buídhonn éadrom ar an taobh istigh den cháis, tá sí bog ar an lámh, agus is féidir í a ghearradh glan. Sa bhéal, leánn sí, tá sí uachtarúil agus tá uige cothrom ag baint léi.

Tá dea-bholaithe bainne agus olla caorach, chomh maith le boladh beag gréisce olla[*] ó 'Pérail'. Saintréith dá blas is ea blasanna a chuireann caoirigh i gcuimhne, go háirithe gréisc olla agus blasanna bainne ó ghruth go huachtar, le bolaithe úra agus éadroma aramatacha a chruthaíonn an flóra aibithe, le ruainnín de thorthaí triomaithe uaireanta.

[*] Gréisc olla: substaint ghréisceach arna tál ag craiceann na gcaorach, agus i láthair ar a n-olann

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

A luaithe a cheadaíonn dálaí aimsire sin, déantar na caoirigh dhéiríochta a innilt gach lá nuair a bhíonn féar ar fáil.

Nuair a bhíonn na caoirigh dhéiríochta sa chró, cuimsíonn an candam laethúil aonair 1 kg ar a laghad d'ábhar tirim féir thirim in aghaidh na gcaorach déiríochta ar an meán ar fud an tréada.

Dá bhrí sin, ar an meán i gcaitheamh na bliana, tagann 70 % ar a laghad d'ábhar tirim aiste bia an tréada déiríochta ón limistéar geografach. Bíonn tionchar ag tionscnamh na beatha ar chomhdhéanamh an bhainne, rud a chuireann, dá réir sin, le saintréithe orgánaileipteacha 'Pérail'.

Ní údaraítear ach beatha a shonraítear ar liosta dearfach in aiste bia na gcaorach déiríochta.

Ní údaraítear ach beatha nach bhfuil lipéadaithe mar bheatha ghéinmhodhnaithe, nó a dhíorthaítear ó tháirgí nach bhfuil lipéadaithe mar tháirgí géinmhodhnaithe, i mbeatha an tréada déiríochta.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe*

Táirgtear an bainne agus déantar na cáiseanna a mhonarú agus a aibiú sa limistéar geografach.

Táirgtear an bainne a úsáidtear chun 'Pérail' a dhéanamh sa limistéar geografach de réir an chórais agrai-thréadaigh thraidisiúnta agus pór áitiúil Lacaune á úsáid. Tá an pór oiriúnach go maith chun an leas is fearr a bhaint as acmhainní bia an limistéir, as a dtáirgeann sé bainne atá saibhir ó thaobh saille de, a gcuireann a chomhdhéanamh le saintréithe 'Pérail'.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Díoltar 'Pérail' ina iomláine. Ní fhéadfar 'Pérail' a phacáistiú faoi atmaisféar modhnaithe nó a fholúsphacáil.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

I dteannta na faisnéise éigeantaí dá bhforáiltear le reachtaíocht maidir le lipéadú agus cur i láthair bia-ábhar, ní mór cáis 'Pérail' a dhíol agus lipéadú ar a taobh infheicthe lena léirítear:

— ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Pérail', ar taispeáint

  — ina aonar, ar líne amháin den lipéad,

  — i gcarachtair dhá thrian ar a laghad de mhéid na gcarachtar is mó ar an lipéad,

— tar éis clárúcháin, siombail TGFC an Aontais Eorpaigh sa réimse radhairc céanna leis an ainm,

— an marc fíortha comhchoiteann ‘Identité Pérail’, a atáirgtear thíos:



Gan beann ar na téarmaí rialála is infheidhme maidir le gach cáis, tá toirmeasc ar aon chinnteoir, aidiacht nó focail eile a cháilíonn an tásc geografach faoi chosaint nó a ghabhann leis a úsáid ar an lipéadú, cé is moite den mhéid seo a leanas:

— ainmneacha branda, trádmharcanna nó lógónna cáilíochta ceirde sonracha, ach níor cheart na marcanna sin a úsáid chun teacht timpeall ar an toirmeasc ginearálta agus lena mbainfí amach an tásc geografach faoi chosaint,

— na focail ‘moulage manuel à la louche’ [‘riartha sa mhúnla de láimh’].

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Roinn Aveyron, cantúin Causse-Comtal, Causses-Rougiers, Millau-1, Millau-2, Monts du Réquistanais, Nord-Lévezou, Raspes et Lévezou, Rodez-1, Rodez-2, Rodez-Onet, Saint-Affrique agus Tarn et Causses. Bardais Baraqueville, Bertholène, Bessuéjouls, Cabanès, Camboulazet, Camjac, Castanet, Centrès, Clairvaux-d’Aveyron, Crespin, Druelle Balsac, Espalion, Gaillac-d’Aveyron, Gramond, Laissac-Sévérac l’Eglise, Lassouts, Manhac, Marcillac-Vallon, Mayran, Meljac, Millau, Mouret, Muret-le-Château, Naucelle, Palmas d’Aveyron, Pierrefiche, Pomayrols, Quins, Saint Geniez d’Olt et d’Aubrac (críoch bhardas tarmligthe Saint-Geniez-d’Olt amháin), Saint-Just-sur-Viaur, Sainte-Eulalie-d’Olt, Salles-la-Source, Tauriac-de-Naucelle, Valady agus Vimenet. Roinn Gard, bardais Alzon, Blandas, Campestre-et-Luc, Causse-Bégon, Lanuéjols, Montdardier, Revens, Rogues, Trèves agus Vissec. Roinn Hérault, bardais Avène, Cambon-et-Salvergues, Le Caylar, Ceilhes-et-Rocozels, Le Cros, Dio-et-Valquières, Fraïsse-sur-Agout, Joncels, Lavalette, Lunas, Les Rives, Romiguières, Roqueredonde, Saint-Félix-de-l’Heras, Saint-Maurice-Navacelles, Saint-Michel, La Salvetat-sur-Agout, Sorbs, Le Soulié agus La Vacquerie-et-Saint-Martin-de-Castries. Roinn Lozère, cantún La Canourgue. Municipalities of Balsiège, Barjac, Les Bondons, Bourgs sur Colagne, Brenoux, Cultures, Esclanèdes, Florac Trois Rivières (críoch bhardas tarmligthe Florac amháin), Fraissinet-de-Fourques, Gatuzières, Gorges du Tarn Causses, Grèzes, Hures-la-Parade, Ispagnac, Lanuéjols, Marvejols, Mas-Saint-Chély, Mende, Meyrueis, Montrodat, Palhers, Le Rozier, Saint-Bauzile, Saint-Bonnet-de-Chirac, Saint-Étienne-du-Valdonnez, Saint-Germain-du-Teil, Saint-Pierre-de-Nogaret, Saint-Pierre-des-Tripiers, Les Salelles, Trélans agus Vebron. Roinn Tarn, bardais Alban, Ambialet, Andouque, Anglès, Arifat, Arthès (i bpáirt), Assac, Barre, Berlats, Le Bez, Brassac, Cadix, Cambounès, Courris, Crespin, Curvalle, Le Dourn, Espérausses, Faussergues, Fontrieu, Fraissines, Le Fraysse, Gijounet, Lacapelle-Escroux, Lacapelle-Pinet, Lacaune, Lacaze, Lamontélarié, Laparrouquial, Ledas-et-Penthiès, Le Masnau-Massuguiès, Massals, Miolles, Mirandol-Bourgnounac, Montauriol, Montirat, Montredon-Labessonnié, Mont-Roc, Moularès, Moulin-Mage, Murat-sur-Vèbre, Nages, Padiès, Pampelonne, Paulinet, Rayssac, Roquecourbe, Saint-André, Saint-Christophe, Saint-Cirgue, Saint-Jean-de-Vals, Saint-Michel-Labadié, Saint-Pierre-de-Trivisy, Saint-Salvi-de-Carcavès, Saussenac, Senaux, Tanus, Teillet, Terre-de-Bancalié (in part), Tréban, Trébas, Vabre, Valderiès, Valence-d’Albigeois, Viane agus Villefranche-d’Albigeois.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir 'Pérail' agus a limistéar geografach bunaithe ar a cháil agus ar a cháilíocht shonrach.

Is limistéar leathshléibhtiúil ardchláir é an limistéar geografach a ngearrann gleannta agus scornacha doimhne tríd in iardheisceart Massif Central, a shíneann thar réigiúin nádúrtha na Grands Causses, Monts de Lacaune, Monts du Lévézou, na Ségalas agus na Rougiers.

Is toisc shainiúil é an tír-raon, a chruthaíonn teochtaí níos fuaire mar gheall ar airde, i gcomparáid le garthimpeallacht an limistéir, a bhfuil teorainneacha geografacha nádúrtha aige a bhfuil difríochtaí móra airde ag baint leo. Tá aeráid leathshléibhtiúil ag an limistéar le tionchair na Meánmhara agus an Atlantaigh, le malairtí neamhrialta agus tobanna idir tonnta teasa agus tréimhsí fuara, báisteach agus triomach dian arna ngéarú ag gaotha láidre. Ithreacha bochta, clochacha agus éadoimhne, lena n-áirítear lomáin chreagacha d'aolchloch Iúrasach agus carraigeacha aigéadacha príomhúla uaireanta, méadaíonn siad an cruas sin.

A bhuí leis an idirghníomhú idir aeráidí sléibhtiúla agus Meánmhara, tá flóra saibhir, aramatach agus éagsúil ann, mar a fhaightear ar mhóinteáin Lévezou, scrobarnach atá saibhir i speicis Mheánmhuirí ar na Rougiers [limistéir ina bhfuil ithir dhearg] agus féarthailte tirime ar an tír-raon aolchloiche. Comhcheanglaíonn an cineál fásra a thagann chun cinn féarach agus plandaí tailte féaraigh, barra farae agus gránaigh atá beartaithe d'ainmhithe.

Mar thoradh ar an aeráid chrua shléibhtiúil, na hithreacha neamhtháirgiúla den chuid is mó agus tír-raon garbh an limistéir gheografaigh, díríodh le gníomhaíochtaí talmhaíochta ar chaoirigh dhéiríochta Lacaune a thógáil den chuid is mó, caoirigh a tháinig ó phórtha áitiúla ársa ó shléibhte den ainm céanna a chrosphórú. Is féidir leis an bpór crua sin dálaí crua an limistéir a sheasamh agus tá sé bunaithe ann, in éineacht le leathnú na bhféarthailte arúla, lena n-áirítear léagúim.

Beathaítear na caoirigh trí úsáid a bhaint as acmhainní an limistéir den chuid is mó: talamh féaraigh, féarthalamh sealadach agus buan, farae agus beatha chomhlántach. Tá beathú bunaithe den chuid is mó ar innilt, agus rochtain ag na caoirigh ar fhéaraigh i gcomharsanacht dhíreach an chró caorach, agus sna limistéir sin ina bhfuil na hithreacha is boichte, ag innilt tailte féaraigh, a sholáthraíonn fásra éagsúil agus go leor bláthanna.

Is saintréith de bhainne ó chaoirigh Lacaune é meánchion saille ard, a mhéadaíonn de réir mar a théann lachtadh ar aghaidh, cion ard aigéad sailleach gearrshlabhra agus táirgeacht ard cáise.

Ba tháirge feirmbhunaithe, leorchothaitheach agus séasúrach í an cháis 'Pérail' ar dtús. Go stairiúil, ós rud é gur seachadadh an bainne ina iomláine chuig déirithe cáise 'Roquefort', ní dhearna feirmeoirí cáis 'Pérail' ach i dtreo dheireadh lachtadh na gcaorach, nuair a stad na déirithe cáise de 'Roquefort' a tháirgeadh agus nuair a thug siad an bhinid a bhí fágtha do na feirmeoirí. Chun airgead a shábháil, laghdaigh táirgeoirí cainníochtaí na binide de réir a chéile le linn an táirgthe. Mar thoradh air sin, bhí tréimhse ghruthaithe níos faide ann agus bhí gá le saothráin tús gabhála a chur leis chun an bainne a aigéadú, rud a d'áirithigh caomhnú níos fearr ó thaobh na sláinte de. Ina dhiaidh sin, bhí gné cheardaíochta agus thionsclaíoch ag baint le táirgeadh 'Pérail', cé gur leanadh de bheith á táirgeadh ar fheirmeacha. Dá bhrí sin, eascraíonn an teicneolaíocht mheasctha atá ann faoi láthair chun 'Pérail' a dhéanamh as na céimeanna leantacha sin.

Léirítear saineolas na gcáiseoirí leis na nithe seo a leanas:

— Táirgeadh traidisiúnta ina n-úsáidtear bainne iomlán, gan bearradh,

— Teicneolaíocht mheasctha agus tús gabhála meidhg agus binid curtha léi,

— Draenáil domhantarraingthe i múnlaí, trí chasadh agus gan fáisceadh,

— Aibiú ag baint úsáid as *Geotrichum*, an flóra is mó sa timpeallacht déiríochta cáise, a fhorbraíonn ar an dromchla, agus a chruthaíonn blás éadrom.

Is cáis bheag thanaí í 'Pérail' a dhéantar le bainne caorach iomlán, a bhfuil achar dromchla mór aici i gcoibhneas lena meáchan.

Is iad na nithe seo a leanas is saintréithe di:

— Craiceann tanaí a bhfuil dath idir eabhar agus buídhonn éadrom air,

— Dea-bholadh olla caorach,

— Uigeacht leáite agus uachtarúil laistigh,

— Bolaithe aramatacha úra agus éadroma.

Tá caoirigh Lacaune oiriúnach go háirithe do chruas na timpeallachta agus beathaítear iad go príomha le hacmhainní ón limistéar geografach, ag táirgeadh bainne atá saibhir i saill agus a úsáidtear ina iomláine. Tá tionchar díreach ag comhdhéanamh aigéid shailligh ghearrshlabhra an bhainne ar uigeacht uachtair leáite 'Pérail' trí theochtaí leáphointe ísle. Tugann sé boladh sonrach olla caorach do 'Pérail' freisin.

Lucht saothair mná den chuid is mó a tháirg 'Pérail' ar dtús, agus úsáid á baint as an gcainníocht bheag de bhainne a bhí ar fáil agus a rinne draenáil i spás teoranta an 'peralhièira' (an doirteal cloiche as ar tháinig 'Pérail'), rud a d'fhág go raibh an cháis beag.

Le linn an táirgthe lena mbaineann túis ghabhála meidhg agus binid, úsáideann na cáiseoirí a bhfios gnó chun oiriúnú don inathraitheacht bhliantúil i gcomhdhéanamh bainne caorach chun cáis ag a bhfuil na saintréithe orgánaileipteacha inmhianaithe a fháil.

Tá acmhainneacht draenála an-ard ag baint léi mar gheall ar chomh tanaí agus atá 'Pérail'. Cuidíonn feidhmiú sciliúil na céime táirgthe sin, a dhéantar trí dhomhantarraingt i múnlaí, le casadh agus gan bhrú, le *Geotrichum* a bhunú, an príomhfhlóra aibithe.

Le linn an aibithe, tagann craiceann tanaí a bhfuil dath idir eabhar agus buídhonn éadrom air ar 'Pérail' mar thoradh ar fhorbairt *Geotrichum*, a ghineann próitéilíseas cumhachtach a tháirgeann taobh istigh a leánn agus uigeacht uachtarúil. Cuireann an flóra seo cosc ar charnadh peiptídí searbha, arna bhfoirmiú ag próitéáisí binide agus baictéir aigéid lachtaigh. Leis an bpróiseas aibithe, a éilíonn oiriúnú leanúnach don inathraitheacht bhliantúil i saintréithe bainne caorach, is féidir le 'Pérail' blasanna úra, éadroma aramatacha a fhorbairt agus a uigeacht a bhaint amach.

Go háitiúil, bhí cáil 'Pérail' nasctha go stairiúil leis an gceangal le cáis chaorach chruinn, chothrom, leáite, bhí forchoimeádta lena hithe go príobháideach nó a trádáladh i gcainníochtaí beaga ar mhargaí áitiúla.

In Ocsatáinis a chonacthas an t-ainm 'Pérail' den chéad uair mar *Péral* ó dheireadh an 19ú céad. Cuireadh leagan Fraincise air ansin, is é sin 'Pérail', an t-ainm faoinar luadh é in 1973 sa *Larousse des Fromages*.

Sa lá atá inniu ann, tá cáil náisiúnta ar 'Pérail' atá nasctha le forbairt an táirgthe bainne laistigh den limistéar geografach. Samhlaítear í le blas atá bainniúil agus tipiciúil de cháis caorach, agus le huachtarúlacht a huigeachta. Tá roinnt mhaith tomhaltóirí tar éis éirí níos feasaí ar 'Pérail'. Chuir na foilseacháin seo a leanas leis sin trí dhíriú ar an táirge:

— Na cáiseoirí Meilleur Ouvrier de France, a chuir ar a stallaí iad uile;

— Na gradaim ag Concours Général Agricole de Paris ó bhí 2006 ann;

— Leabhair speisialaithe, na cinn is déanaí: *L'encyclopédie passionnée de la gastronomie en Occitanie* [Ciclipéid paiseanta na gastranamaíochta in Occitanie]: *Les Fromages* [Cáiseanna], A. Leoty, 2017; *L'atlas pratique des fromages* [An t-atlas cáise praiticiúil], T. Sicard, 2018; *Fromage* [Cáis], B. Antony, K. Khorodorowsky, 2019;

— Tráchtanna sna meáin náisiúnta: An Fhrainc 3, *Elle à Table*, *Paris Match*, *Nouvel Obs*, Faisnéis na bhFrainc;

— Oidis nua a fhoilsítear ar roinnt mhaith suíomhanna gréasáin agus blaganna cócaireachta gach bliain (750g.com, gourmandisesansfrontieres.fr, grelinettecassolettes.com, xavier.fr, etc.).

Tá a cáil scaipthe go mór-ranna eile: Sna Stáit Aontaithe, luaigh E. Behr é ina leabhar *50 Foods: A Guide to Deliciousness* chomh luath le 2013, agus R. Honma na Seapáine, in *30 ans d'échange avec la France* [30 bliain de mhalartú leis an bhFrainc] in 2016. Uaireanta déantar í a iarraidh ag ócáidí blaiste ag ambasáidí na Fraince.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://extranet.inao.gouv.fr/fichier/CDC-Perail-240528.pdf